Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 2 Iúil 2026**
**(OR. en)**

**11353/26**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2026/0150 (COD)**

**AGRI 558**
**AGRIFIN 132**
**CODEC 1367**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | An Coiste Speisialta um Thalmhaíocht |
| Ábhar: | Dréacht-RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/2115 a mhéid a bhaineann le cineál sonrach idirghabhála chun tacaíocht eisceachtúil shealadach a chur ar fáil faoin gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) agus an fhéidearthacht leithdháiltí íocaíochtaí díreacha a oiriúnú don bhliain féilire 2027 agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/2116 a mhéid a bhaineann le rialacha níos solúbtha maidir le réamhíocaíochtaí a íoc mar fhreagairt ar an méadú ar phraghsanna leasacháin mar gheall ar an ngéarchéim sa Mheánoirthear **(an chéad léamh)**<br>- Glacadh an ghnímh reachtaigh<br>- Cinneadh maidir le maolú ar an tréimhse 8 seachtaine dá bhforáiltear in Airteagal 4 de Phrótacal 1 maidir le ról na bParlaimintí náisiúnta san Aontas |

1. An 12 Meitheamh 2026, chuir an Coimisiún an togra uaidh[1], atá bunaithe ar Airteagal 43(2) CFAE, faoi bhráid na Comhairle.

2. Chuathas i gcomhairle le Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa.

[1] 10328/26 + ADD 1.

3. An 15 Meitheamh 2026, d'fhormhuinigh an Coiste Speisialta um Thalmhaíocht an comhaontú ar tháinig na hinstitiúidí air maidir le dul i gceannas ar an togra ón gCoimisiún[2] agus d'údaraigh sé dá Chathaoirleach litir a sheoladh chuig Cathaoirleach an Choiste um Thalmhaíocht agus um Fhorbairt Tuaithe (AGRI) ina gcuirtear in iúl, i gcás ina nglacfadh Parlaimint na hEorpa a seasamh ar an gcéad léamh san fhoirm a leagtar amach sa litir sin, faoi réir a athbhreithnithe arna dhéanamh ag dlítheangeolaithe an dá institiúid, go bhformheasfadh an Chomhairle seasamh Pharlaimint na hEorpa agus go nglacfar an gníomh san fhoclaíocht a fhreagraíonn do sheasamh Pharlaimint na hEorpa.

4. Tar éis don seisiún iomlánach an iarraidh ó Choiste AGRI go leanfaí ar aghaidh i gcomhréir le Riail 170 (nós imeachta práinne) a fhormheas an 16 Meitheamh 2026, glacfaidh Parlaimint na hEorpa a seasamh ar an gcéad léamh maidir leis an togra ón gCoimisiún an 7 Iúil 2026. Ba cheart go léireodh toradh na vótála i bParlaimint na hEorpa an comhaontú thuasluaite agus, dá bhrí sin, ba cheart go nglacfadh an Chomhairle leis.

5. Iarrtar ar an gCoiste Speisialta um Thalmhaíocht, dá bhrí sin, a dhearbhú go n-aontaíonn sé leis sin agus a mholadh don Chomhairle, mar mhír 'A' ag ceann de na cruinnithe a bheidh ann amach anseo, an méid seo a leanas a dhéanamh:

   - an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, mar a leagtar amach in PE-CONS 43/26 é[3], a fhormheas, i gcás ina nglacfaidh Parlaimint na hEorpa a seasamh ar an gcéad léamh san fhoirm a leagtar amach sa litir dá dtagraítear i mír 3 den nóta seo, arna athbhreithniú ag dlítheangeolaithe an dá institiúid; agus
   - maolú a dhéanamh, ar bhonn Airteagal 3(3), an dara fomhír de Rialacha Nós Imeachta na Comhairle, ar an tréimhse 8 seachtaine dá dtagraítear sa chéad fhomhír den Airteagal sin.

6. Leagtar amach an ráiteas le haghaidh na miontuairiscí ó chruinniú na Comhairle san Aguisín a ghabhann leis an nóta seo.

7. Má fhormheasann an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, glacfar an gníomh reachtach.

   Nuair a bheidh sé sínithe ag Uachtarán Pharlaimint na hEorpa agus ag Uachtarán na Comhairle, foilseofar an gníomh reachtach in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

---

[2] 10440/26.
[3] Ar fáil in am trátha.